# Ríomhphéisteanna, traígh, róbatlíonta agus cibearbhagairtí eile

**Ar chuir víreas ríomhaireachta isteach ort riamh? Bhuel, ní tú an t-aon duine, ná baol ort. Bíonn tionchar ag an cibearchoireacht ar níos mó ná milliún duine gach uile lá, agus baineann costas bliantúil de bheagnach €370 milliún leis. Tháinig Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú le Comhairle an AE an 7 Nollaig i ndáil leis an gcéad threoir Eorpach a bhaineann leis an cibearshlándáil.**


Is furasta do choirpigh na cibearchoireachta greim a fháil ort, mar a fhaigheann an-chuid Eorpach amach gach bliain. Leis an treoir maidir le slándáil líonra agus faisnéise (NIS) táthar ag iarraidh rialacha cibearshlándála a chomhoiriúnú ar fud na hEorpa agus comhoibriú na mballstát ar cheisteanna cibearshlándála a fheabhsú.

I ré seo an digitithe tá ár spleáchas ar na líonraí leictreonacha agus ar chórais fhaisnéise ag dul i méid. De bharr seo áfach tá fadhbanna na calaoise agus an bhrionnaithe ag dul i méid ar líne chomh maith. De réir shuirbhé Eorabharaiméadair ó mhí Feabhra na bliana seo bíonn go leor Eorpach ar an airdeall a mhéid a bhaineann leis an cibearshlándáil. Ní ligeann 89% na bhfreagróirí a gcuid sonraí pearsanta agus iad ar líne, agus bhí 85% d'fhreagróirí an tsuirbhé den tuairim go bhfuil bagairt na cibearshlándála ag dul in olcas. Gach uile lá bíonn thart ar 150,000 víreas (nó cóid mhailíseacha eile) ag scaipeadh ar líne.

*Caith súil ar an ngrafaic faisnéise thuas chun tuilleadh a fhoghlaim faoi fhadhb na cibearchoireachta.*

## Tuilleadh eolais

Preaseisiúint
Tuilleadh faoin cibearchoireacht


Cibearshlándáil
Na cibearbhagairtí is mó sa bhliain 2014
Bogearraí mailíseacha
Is éard atá i gceist le bogearraí mailíseacha ná bogearraí a deartar iad chun rochtain a fháil ar ríomhaire nó damáiste a dhéanamh do ríomhaire i nganfhios don úinéir.
Ní aimsíonn cláir frithvíreas ach leath de na bogearraí mailíseacha.
Ríomhphéisteanna
Is éard atá i gceist le ríomhphéist ná ríomhchlár atá á iomadú féin. Déantar é a chóipeáil ó dhiosctiomána amháin go ceann eile, nó baintear úsáid as ríomhphost nó meicníocht eile.
Is ionann ríomhphéisteanna agus 19% de bhogearraí mailíseacha.
Traígh
Bogearra díobhálach é capall Traíoch a bhfuil cuma dlisteanach air. Is trí ríomhphost de ghnáth a bhuailtear bob ar an úsáideoir é a lódáil agus a rith.
Ionsaithe gréasáin
Is éard atá i gceist le hionsaithe gréasáin ná teicnící chun brabhsálaithe gréasáin a atreorú chuig suíomh mailíseach, áit a d'fhéadfadh níos mó ionfhabhtuithe tarlú.
Tá 88% d'acmhainní gréasáin mailíseacha lonnaithe san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.
Baineann 90% den bhradaíl gréasáin le Java.
Ionsaithe insteallta
Seirbheálaithe leochaileacha agus/nó aipeanna a fhothú le hionchur mailíseach d'fhonn cód mailíseach a chur ann.
Róbatlíonta
Gréasán de mheaisíní ionfhabhtaithe as gach cearn den domhan.
Úsáidtear fearainn a bhfuil tréimhse saoil gearr acu chun go leor gníomhaíochtaí mailíseacha a dhéanamh.
Tá thart ar dhá mhilliún fearann ann le tréimhse saoil atá níos giorra ná dhá lá.
Turscair
75%
Teachtaireachtaí atá gan iarraidh
Úsáid as cur teachtaireachtaí leictreonach chun teachtaireachtaí gan iarraidh a sheoladh.
Tá borradh tagtha ar an úsáid as turscair sna meáin shóisialta.
Cineálacha turscair ar fud an domhain:
Fógraí faoi thaiscí bainc nó íocaíochtaí
Fógraí faoi cheannacháin
Grianghraf mar cheangaltán
Dearbhán
Paypal
Fioscaireacht
Baineann na hionsaitheoirí úsáid as ríomhphoist bhréige agus suíomhanna gréasáin góchumtha d'fhonn úsáideoirí a mhealladh chuig suíomhanna mailíseacha.
An aidhm ná ainmneacha úsáideora, pasfhocail agus sonraí baincéireachta a fháil.
EUROPARL.EUROPA.EU
Foinse:
ENISA, 2014